RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1937 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le coinsíneachtaí moileasc agus crústach a theacht isteach san Aontas a bhfuil sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta agus lena leagtar síos liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó na de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chrios óna n-údaraítear na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea gur cheart gur ó thríú tír nó ó thríú críoch, nó ó chrios nó ó dheighleog di a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin, a thiocfaidh na coinsíneachtaí sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe ainmhithe uisceacha, *inter alia*, a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó, i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is éard a fhoráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó, i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch a thagann siad, a liostaítear le haghaidh an speicis agus na gcatagóirí áirithe sin d'ainmhithe uisceacha i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ([3]) ón gCoimisiún bunaítear liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe sin, *inter alia*, a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a thabhairt isteach san Aontas.

(4) Le blianta fada tá moilisc agus crústaigh a raibh sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, a bhí liostaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2006/88/CE ón gComhairle ([4]), aisghairthe anois le Rialachán (AE) 2016/429, agus Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún ([5]), aisghairthe

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

([4]) Treoir 2006/88/CE ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le ceanglais sláinte ainmhithe d'ainmhithe uisceacha agus táirgí a thagann uathu, agus maidir le cosc agus rialú galar áirithe in ainmhithe uisceacha (IO L 328, 24.11.2006, lch. 14).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/88/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha agus ceanglais maidir le deimhniúchán le haghaidh ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí a thagann uathu a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus lena leagtar síos liosta de speicis veicteora (IO L 337, 16.12.2008, lch. 41).

anois ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ([6]). Ní raibh aon bhaint idir allmhairiú na n-ainmhithe uisceacha sin agus ráigeanna de ghalair liostaithe i moilisc nó crústaigh, agus le linn an ama sin fuarthas taithí ó rialuithe oifigiúla a rinneadh ar na coinsíneachtaí sin ag pointí iontrála san Aontas, agus i gcásanna áirithe, ag rialuithe oifigiúla a rinne an Coimisiún sa tríú tír nó sa chríoch lena mbaineann.

(5) Faoi Airteagal 230(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2016/429 féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta de thríú tíortha agus de chríocha a dhréachtú óna bhféadfar teacht isteach speiceas agus catagóirí sonracha d'ainmhithe san Aontas a cheadú, ar bhonn aon taithí a fuarthas ó theacht isteach ainmhithe roimhe seo ón tríú tír nó ón gcríoch lena mbaineann, agus ó thorthaí na rialuithe oifigiúla a rinneadh ag pointe iontrála na n-ainmhithe sin isteach chun an Aontais.

(6) Is iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an taithí a fuarthas leis an trádáil sna moilisc agus sna crústaigh de speicis liostaithe sin roimhe seo a chur san áireamh, lena n-áireofaí, ar an gcaoi sin, aistriú rianúil ón gcreat reachtach roimhe seo, faoi Threoir 2006/88/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, go dtí an creat reachtach nua, faoi Rialachán (AE) 2016/429.

(7) Ba cheart Airteagal 3(1), pointe (t), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir sin chun an liosta nua, a leagtar síos leis an Rialachán seo, a chur san áireamh, sin liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna agus de dheighleoga de thríú tír nó chríoch, óna n-údaraítear coinsíneachtaí moileasc agus crústach de speicis liostaithe, a bhfuil sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta, a theacht isteach san Aontas.

(8) Ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, lena leagtar síos liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleog de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha áirithe a theacht isteach san Aontas, ba cheart í a leasú chun an liosta nua sin a chur san áireamh agus ba cheart an liosta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta dá réir. Chun soiléireacht a áirithiú, ba cheart iarscríbhinn nua a chur in ionad an leagan d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 atá i bhfeidhm.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(10) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is práinneach éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (t):

'(t) Iarscríbhinn XXI le haghaidh ainmhithe uisceacha de speicis liostaithe, mar a leanas:

(i) Cuid 1, Roinn A, le haghaidh ainmhithe uisceacha de speicis liostaithe a bhfuil sé beartaithe iad a chur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, a scaoileadh amach san fhiadhúlra nó a úsáid chun críoch eile seachas chun a dtabhairt don duine le caitheamh, chomh maith le hainmhithe uisceacha áirithe de speicis liostaithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a fhaightear ó na speicis liostaithe sin atá ceaptha le caitheamh ag an duine.";

(ii) Cuid 1, Roinn B, le haghaidh moileasc agus crústach a bhfuil sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta.';

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ar gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404:

"IARSCRÍBHINN XXI

AINMHITHE UISCEACHA

CUID 1

ROINN A:

Liosta de thríú tíortha nó de thríú críocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga díobh, óna n-údaraítear coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo de speicis liostaithe a theacht isteach san Aontas chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal (3)(1), pointe (t)(i)

Cód ISO agus ainm an tríú tír nó an tríú críoch	**Cód an chreasa nó na deighleoige** a leagtar amach i gCuid 2	**Speicis agus catagóirí** a gceadaítear dóibh a theacht isteach san Aontas			**Deimhnithe sláinte ainmhithe**	**Coinníollacha sonracha** a leagtar amach i gCuid 3	Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 4	**Dáta deiridh**	**Dáta oscailte**
		Éisc	**Moilisc**	**Crústaigh**					
1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**	**9**	**10**
AU An Astráil	AU-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
BR An Bhrasaíl	BR-0	Speicis liostaithe de Cyprinidae			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
CA Ceanada	CA-0	Na speicis liostaithe uile seachas na cinn a thógfadh seipticéime fuilreatha víreasach go héasca, nó a meastar iad a bheith ina veicteoirí lena haghaidh, i gcomhréir le hIarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-1	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				

					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-2				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-3				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-4				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-5				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-6				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-7				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-8				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-9				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-10				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-11				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	CA-12				AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
CG Congó	CG-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
CH An Eilvéis	CH-0	Faoi réir an Chomhaontaithe dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn I							
CL An tSile	CL-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			

CN An tSín	CN-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
CO An Cholóim	CO-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
GB An Ríocht Aontaithe	GB-0	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
					MOL-HC	B			
GG Geansaí	GG-0	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
					MOL-HC	B			
HK Hong Cong	HK-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
ID An Indinéis	ID-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
IL Iosrael	IL-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
IM Oileán Mha-nann	IM-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
JE Geirsí	JE-0	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	Na speicis liostaithe uile	AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
					MOL-HC	B			
JM Iamáice	JM-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
JP An tSeapáin	JP-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
LK Srí Lanca	LK-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
MK An Mhac-adóin Thu-aidh	MK-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			

MY An Mhal-aeisia	MY-1	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
NZ An Nua-Shéalainn	NZ-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
RU An Rúis	RU-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
SG Singeapór	SG-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
TH An Téalainn	TH-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
TR An Tuirc	TR-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
TW An Téaváin	TW-0	Na speicis liostaithe uile de *Cyprinidae*			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
US Na Stáit Aontaithe ([1])	US-0	Na speicis liostaithe uile seachas na cinn a thógfadh seipticéime fuilreatha víreasach go héasca, nó a meastar iad a bheith ina veicteoirí lena haghaidh, i gcomhréir le hIarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692		Na speicis liostaithe uile	AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	US-1	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			
	US-2		Na speicis liostaithe uile		MOL-HC	B			
	US-3		Na speicis liostaithe uile		MOL-HC	B			
	US-4		Na speicis liostaithe uile		MOL-HC	B			
	US-5		Na speicis liostaithe uile		MOL-HC	B			
ZA An Afraic Theas	ZA-0	Na speicis liostaithe uile			AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER				
					FISH-CRUST-HC	A			

([1]) Lena n-áirítear Pórtó Ríce, Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe, Samó Mheiriceá, Guam agus na hOileáin Mháirianacha Thuaidh

ROINN B:

Liosta de thríú tíortha nó de thríú críocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga díobh, óna n-údaraítear coinsíneachtaí moileasc agus crústach de speicis liostaithe a theacht isteach san Aontas a bhfuil sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta dá dtagraítear in Airteagal (3)(1), pointe (t)(ii)

Cód ISO agus ainm an tríú tír nó an tríú críoch	**Cód an chreasa nó na deighleoige** a leagtar amach i gCuid 2	**Deimhnithe sláinte ainmhithe**	**Coinníollacha sonracha** a leagtar amach i gCuid 3	Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 4	**Dáta deiridh**	**Dáta oscailte**
1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**
AU An Astráil	AU-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
BZ An Bheilís	BZ-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CA Ceanada	CA-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CG Congó	CG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CK Oileáin Cook	CK-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CN An tSín	CN-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CM Camarún	CM-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CO An Cholóim	CO-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CR Cósta Ríce	CR-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
CU Cúba	CU-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
DJ Djibouti	DJ-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
DO An Phoblacht Dhoiminiceach	DO-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
EC Eacuadór	EC-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
EG An Éigipt	EG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				

ET An Aetóip	ET-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
FJ Fidsí	FJ-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
FM An Mhicrinéis	FM-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
GB An Ríocht Aontaithe	GB-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
GG Geansaí	GG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
GH Gána	GH-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
HK Hong Cong	HK-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
ID An Indinéis	ID-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
IL Iosrael	IL-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
IN An India	IN-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
IM Oileán Mhanann	IM-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
JE Geirsí	JE-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
JP An tSeapáin	JP-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
KE An Chéinia	KE-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
KI Ciribeas	KI-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
KN San Críostóir-Nimheas	KN-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
LK Srí Lanca	LK-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
MG Madagascar	MG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
MH Oileáin Marshall	MH-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				

MV Oileáin Mhaildíve	MV-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
MW An Mhaláiv	MW-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
MX Meicsiceo	MX-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
MY An Mhalaeisia	MY-1	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NC An Nua-Chal-adóin	NC-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NE An Nígir	NE-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NG An Nigéir	NG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NI Nicearagua	NI-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NR Nárú	NR-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
NU Niue	NU-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PA Panama	PA-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PE Peiriú	PE-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PF Polainéis na Fraince	PF-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PG Nua-Ghuine Phapua	PG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PH Na hOileáin Fhil-ipíneacha	PH-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PN Oileáin Pitcairn	PN-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PW Oileáin Palau	PW-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
PY Paragua	PY-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
SB Oileáin Shol-omón	SB-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				

SG Singeapór	SG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
SL Siarra Leon	SL-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
SO An tSomáil	SO-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TG Tóga	TG-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TH An Téalainn	TH-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TK Tócalá	TK-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TO Tonga	TO-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TT Oileán na Tríonóide agus Tobága	TT-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TV Túvalú	TV-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TW An Téaváin	TW-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
TZ An Tansáin	TZ-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
US Na Stáit Aontaithe [1]	US-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
VN Vítneam	VN-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
WF Vailís agus Futúna	WF-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
WS Samó	WS-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
ZA An Afraic Theas	ZA-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER				
ZM An tSaimbia	ZM-0	AQUA-ENTRY-ESTAB/ RELEASE/OTHER”				

[1] Lena n-áirítear Pórtó Ríce, Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe, Samó Mheiriceá, Guam agus na hOileáin Mháirianacha Thuaidh.